# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 42

## Forbairt Tuaithe agus Pobail

## Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 42 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchóireachta.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas ceangailte ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 le haghaidh thuarastail agus costais Oifig an Aire den Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithris i gcabhair, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a chur ar fáil in 2024 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2023, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €3.235 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin in imlitir 20 de 2024 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar mhaoin, fearas agus trealamh agus amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i ndáil le Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 17 agus Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna ionchais agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do phríomhaicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnais bhogearraí | Téarma ceadúnais 2-10 mbliana | 50%-10% |
| Bogearraí a fuarthas/a forbraíodh | 10 mbliana | 10% |
| Foirgnimh | 50 mbliana | 2% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Trealamh oifige agus TF | 5 mbliana | 20% |

***Íocaíochtaí chuig Pobal***

Déantar maoiniú a réamhíoc chuig Pobal maidir le cláir áirithe a sheachadadh ar bhonn gníomhaireachta. Muirearaíodh an líon iomlán a íocadh le Pobal i gcoinne na bhfotheidil sa bhliain (féach nóta 6.3).

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnach seachas deimhniú cinnte a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó ar neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Seirbhísí comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt (Vóta 24) a chuireann na comhsheirbhísí airgeadais ar fáil. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn agus an tIonad Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt. Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialála airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Leagadh amach socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm i dtaca leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní na Roinne a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe, maidir leis an méid seo a leanas:

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí i bhfeidhm.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coistí Iniúchta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaí ag an Roinn lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaí, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Ina theannta sin, in 2024 cuireadh athbhreithniú seachtrach ar an iniúchadh inmheánaí i gcrích. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €1.16 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí, ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí eile ar conradh in 2024.

Is é polasaí na Roinne na creataí lárnacha a úsáid a mhéid is féidir, agus dul i dteagmháil leis an OGP maidir le riachtanais níos sainiúla nuair a thagann cásanna den sórt sin chun cinn.

Níl aon chonradh neamhiomaíoch os cionn €25,000 ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistithe atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus ar na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

Déanann an Coiste Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú chuig leibhéil inghlactha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Rinne an Roinn íocaíochtaí ar fiú €293,400 san iomlán iad le húdarás áitiúil in 2024 ar a ndearna an t-údarás áitiúil éileamh roimhe seo agus a d'íoc an Roinn. Bhain na híocaíochtaí sin le clár a oibríonn an t-údarás áitiúil ar bhonn gníomhaireachta, agus bhain na héilimh atá i gceist le seachadadh ag gníomhaireachtaí stáit eile. D'aithin an Roinn an tsaincheist seo tar éis éileamh ina dhiaidh sin ón údarás áitiúil. Rinneadh an méid a bhí i gceist a fhritháireamh in aghaidh éileamh amach anseo toisc gur fhan na cistí i gceist leis an údarás áitiúil. Neartaíodh nósanna imeachta maidir le próiseáil íocaíochtaí chun an riosca go dtarlódh siad arís a laghdú.

Sainaithníodh fadhb a bhain le híocaíochtaí neamh-phárolla le ball foirne. Cé nach raibh aon chaillteanas airgid phoiblí ann sa deireadh, bhí an baol ann go bhféadfadh caillteanas a bheith mar thoradh ar an gceist. Tar éis breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an gceist, neartaigh mé na rialuithe ábhartha, go háirithe trí fhoráil a dhéanamh do spotseiceálacha mionsonraithe randamacha ar íocaíochtaí sa bhreis ar na rialuithe a bhí i bhfeidhm roimhe seo maidir leis na híocaíochtaí sin.

Níor sainaithníodh aon laige eile i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2024 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh orthu.

**Mary Hurley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Forbartha Tuaithe agus Pobail

23 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Maoiniú deontais do mhoil chianoibre***

Úsáideadh maoiniú ó Vóta 42 Forbairt Tuaithe agus Pobail chun tacú le líonra náisiúnta de mhoil chianoibre a fhorbairt. Fiosraítear feidhmiú rialuithe na dtacaíochtaí maoinithe i gCaibidil 20 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* do 2024.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 42 Forbartha Tuaithe agus Pobail

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas an chláir | | | | | |
| A | Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 205,420 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,107 | | | |
| | | | 216,527 | 210,607 | 202,537 |
| B | Forbairt Pobail | | | | |
| | *Bunaidh* | 220,521 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,078 | | | |
| | | | 241,599 | 243,204 | 224,382 |
| C | An tÚdarás Rialála Carthanas | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,418 | | | |
| | *Forlíontach* | 33 | | | |
| | | | 5,451 | 5,114 | 4,974 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 431,359 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,218 | | | |
| | | | **463,577** | **458,925** | **431,893** |
| *Le hAsbhaint* | | | | | |
| D | **Leithreasaí i gCabhair** | | **42,669** | **41,252** | **52,136** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 388,690 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,218 | | | |
| | | | **420,908** | **417,673** | **379,757** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 3,235,482 | 29,823,779 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (20,000,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **3,235,482** | **9,823,779** |

**Mary Hurley**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Forbartha Tuaithe agus Pobail

31 Márta 2025

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 443,871 | 418,411 |
| Pá | | 13,560 | 12,150 |
| Neamhphá | | 1,494 | 1,332 |
| **Ollchaiteachas** | | **458,925** | **431,893** |
| *Le hAsbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **41,252** | **52,136** |
| **Glanchaiteachas** | | **417,673** | **379,757** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (261) | | |
| Dímheas | 425 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 8 | | |
| | | 172 | (231) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 2,287 | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 9,982 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 1,080 | | |
| | | 13,349 | 2,158 |
| **Caiteachas díreach** | | **431,194** | **381,684** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,239 | 1,819 |
| **Glanchostas an chláir** | | **432,433** | **383,503** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí comhghuaillithe comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 42 a d'eascair in áit éigin eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 285 | 184 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 158 | 866 |
| Vóta 18 | Oifig Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 24 | 26 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 134 | 124 |
| Vóta 24 | Ceartas | 379 | 379 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 259 | 240 |
| | | **1,239** | **1,819** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 11,457 | 11,629 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | — | — |
| | | **11,457** | **11,629** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 3,466 | 19,509 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 5,551 | 7,838 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | 19,134 | 29,116 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 373 | 25 |
| | | **28,524** | **56,488** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 1,626 | 546 |
| Ioncam Iarchurtha | 2.7 | 779 | 779 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 1,252 | 1,280 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.9 | 2,587 | 18,254 |
| | | **6,244** | **20,859** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **22,280** | **35,629** |
| **Glansócmhainní** | | **33,737** | **47,258** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.10 | **33,737** | **47,258** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 13,305 | 689 | 210 | 14,204 |
| Suimeanna Breise | 47 | 214 | — | 261 |
| Diúscairtí | — | (120) | (22) | (142) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 13,352 | 783 | 188 | 14,323 |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 2,059 | 409 | 107 | 2,575 |
| Dímheas don bhliain | 268 | 136 | 21 | 425 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (120) | (14) | (134) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 2,327 | 425 | 114 | 2,866 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **11,025** | **359** | **73** | **11,457** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 11,246 | 280 | 103 | 11,629 |

Nóta [a] Baineann costas nó luacháil le roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 585 | 585 |
| Suimeanna Breise | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 585 | 585 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 01 Eanáir 2024 | 585 | 585 |
| Amúchadh don bhliain | — | — |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 585 | 585 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **—** | **—** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | — | — |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh | 116 | 38 |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | 3,028 | 5,921 |
| Tacaíochtaí tuaithe | 961 | 961 |
| Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 1,371 | 741 |
| Riarachán | 36 | 177 |
| Na hOileáin | 39 | — |
| | **5,551** | **7,838** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|---|
| A.5 | Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 2,170 | 5,727 |
| A.7 | Athghiniúint agus forbairt tuaithe – Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh | — | 4,660 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 16,748 | 18,729 |
| B.13 | Ciste Cobhsaíochta Covid-19 2020 agus 2021(a) | 216 | — |
| | | **19,134** | **29,116** |

Nóta [a] Bhí Fotheideal B.13 Ciste Cobhsaíochta Covid-19 san áireamh sna meastacháin athbhreithnithe do 2020 agus 2021, cuireadh an fotheideal sin ar scor ach tosaíodh á húsáid arís.

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna na bpasanna taistil | 17 | 20 |
| Leader – tionscnamh bia | 17 | — |
| Fionraí párolla | 335 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 4 | 5 |
| | **373** | **25** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 604 | — |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 124 | — |
| Fabhruithe sonracha clár | 859 | 528 |
| Caiteachas riaracháin | 29 | 18 |
| Fabhruithe eile | 10 | — |
| | **1,626** | **546** |

## 2.7 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíocht AE i ndáil le Clár LEADER 2023-2027 | **779** | **779** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don stáit** | | |
| Cáin ioncaim | 260 | 232 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 145 | 136 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 51 | 42 |
| Cáin bhreisluacha | 10 | 74 |
| | 466 | 484 |
| Bailte Slachtmhara | 698 | 654 |
| Eile | 88 | 142 |
| | **1,252** | **1,280** |

## 2.9 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 3,235 | 9,824 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 20,000 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (648) | (11,570) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **2,587** | **18,254** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,466 | 19,509 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 373 | 25 |
| | 3,839 | 19,534 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1,252) | (1,280) |
| | **2,587** | **18,254** |

## 2.10 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 47,258 | 49,185 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 420,908 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (3,235) | | |
| Glanvóta | | | 417,673 | 379,757 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 1,239 | 1,819 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (432,433) | (383,503) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **33,737** | **47,258** |

## 2.11 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | — | — |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 285,453 | 231,701 |
| Cláir deontais chaipitil | 264,923 | 256,915 |
| **Iomlán na gceanglas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **550,376** | **488,616** |

| **b) Cláir deontais neamh-chaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 231,701 | 140,699 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (198,201) | (181,059) |
| Ceangaltais deontais nua | 251,953 | 272,061 |
| **Iarmhéid deiridh an 31 Nollaig** | **285,453** | **231,701** |

| **c) Cláir dheontais chaipitil** | **€000** | **€000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 256,915 | 263,290 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (236,037) | (186,847) |
| Ceangaltais deontais nua | 244,045 | 180,472 |
| **Iarmhéid deiridh** | **264,923** | **256,915** |

## 2.12 Dliteanais theagmhasacha

Réitigh an Roinn cás dlí amháin in 2024, ar fiú €88,286 é. Rinne an Roinn an tsuim socraíochta sin a íoc in 2024. Ní raibh aon chás eile ann in 2024.

## 2.13 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasaíochta i 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta rialtais láir (CGAS) nua i bhfeidhm ó dháta an 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| ag an 31 Nollaig | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (383) |
| Fabhrú saoire [a] | (221) |
| | **(604)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,736 | | | |
| | *Forlíontach* | 156 | | | |
| | | | 13,892 | 13,560 | 12,150 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 410 | 334 | 334 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | 190 | 151 | 204 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | 440 | 487 | 407 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF | | 307 | 243 | 276 |
| vi | Speansais áitribh | | 167 | 173 | 78 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | | 200 | 106 | 33 |
| | | | **15,606** | **15,054** | **13,482** |

Rinneadh athanailís ar na figiúirí comparáideacha chun atheagrú 2024 ar fhotheidil riaracháin a léiriú.

## Clár A Forbairt Tuaithe agus Gnóthaí Réigiúnacha

| | | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,026 | | | |
| | | *Forlíontach* | 89 | | | |
| | | | | 8,115 | 7,831 | 6,804 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | 915 | 839 | 748 |
| A.3 | Coimisiún Forbartha an Iarthair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,620 | | | |
| | | *Forlíontach* | 18 | | | |
| | | | | 2,638 | 2,752 | 2,355 |
| A.4 | Tacaíochtaí tuaithe [a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 39,820 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | | 49,820 | 47,621 | 49,032 |
| A.5 | Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | | 47,000 | 45,447 | 51,020 |
| A.6 | Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe [b] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 95,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | | | |
| | | | | 93,000 | 91,519 | 78,960 |
| A.7 | Na hOileáin | | | 15,039 | 14,598 | 13,618 |
| | | | | **216,527** | **210,607** | **202,537** |

Nóta [a] A.4 Áirítear le tacaíochtaí tuaithe clár CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus Scéim na Siúlóidí.

[b] A.6 Is éard atá i gceist le hathghiniúint agus forbairt tuaithe ná an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS), agus an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS).

### Athruithe suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

### A.3 Coimisiún Forbartha an Iarthair

*Soláthar meastacháin €2.62 milliún; toradh €2.752 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas €132,000 i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar chostais riaracháin níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis agus dhá íocaíocht chnapshuime pinsin a bhain le luathscor gan choinne a tharla i rith na bliana.

**A.4 Tacaíochtaí Tuaithe**

*Soláthar meastacháin €39.82 milliún; toradh €47.621 milliún*

Cuirtear maoiniú le haghaidh roinnt scéimeanna ar fáil faoin bhfo-cheannteideal seo lena n-áirítear Scéim na Siúlóidí, CLÁR agus an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS), chomh maith le roinnt tionscnamh eile faoina gcuirtear tacaíocht ar fáil d'fhorbairt tuaithe. Tharla an méadú ar chaiteachas de €7.801 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán den chuid is mó mar gheall ar éileamh suntasach breise ar mhaoiniú faoin LIS, rud a rinneadh trí mheastachán forlíontach de €10 milliún i maoiniú neamhlárnach caipitil go luath sa bhliain.

**A.5 Leader – fochlár an gheilleagair tuaithe**

*Soláthar meastacháin €44 milliún; toradh €45.447 milliún*

Is clár ilbhliantúil é Leader atá éileamh-bhunaithe. Tharla an méadú ar chaiteachas de €1.447 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar éileamh láidir in 2024, a sháraigh na leibhéil a rabhthas ag súil leo, de réir mar a tháinig deireadh leis an gclár reatha. Cuireadh an maoiniú méadaithe a bhí ag teastáil ar fáil ó choigilteas ar fud vóta na Roinne, agus fuarthas é trí fhorlíonadh teicniúil.

**A.6 Athghiniúint agus forbairt tuaithe**

*Soláthar meastacháin €95 milliún; toradh €91.519 milliún*

Tharla coigilteas faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) den fhotheideal seo mar thoradh ar sheachadadh níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis ar fud roinnt tionscadal a fuair maoiniú caipitil. Baineadh úsáid as an gcoigilteas a d'eascair as caipiteal an RRDF chun tacú leis an gCiste Aitheantais Pobail agus leis an gClár Fiontraíochta Pobail.

Baineadh úsáid as an gcoigilteas faoi RRDF freisin chun €2 mhilliún i gcaipiteal a chur ar fáil do chaiteachas ar rialú madraí faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail trí fhorlíonadh teicniúil.

**A.7 Na hOileáin**

*Soláthar meastacháin €15.039 milliún; toradh €14.598 milliún*

Úsáidtear an chuid is mó den mhaoiniú reatha i bhfotheideal na nOileán (A.7) chun conarthaí iompair a bhaineann lenár n-oileáin amach ón gcósta a fhóirdheonú. Tharla an t-easnamh caiteachais i gcoibhneas leis an soláthar meastachán den chuid is mó mar gheall ar mhoill ar ché Inis Oírr. Tháinig méadú ar chostas na seirbhísí iompair chuig na hoileáin in 2024 mar gheall ar chostais níos mó a bhaineann le hathnuachan conarthaí seirbhíse agus conarthaí nua a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana.

## Clár B Forbairt Pobail

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,634 | | | |
| | *Forlíontach* | 67 | | | |
| | | | 5,701 | 5,654 | 5,225 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 767 | 641 | 572 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 21,045 | 21,110 | 20,722 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/réigiúnaí (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 68,367 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,000 | | | |
| | | | 72,367 | 71,865 | 65,252 |
| B.5 | Coistí forbartha pobail áitiúil (tacaíocht) | | 3,405 | 2,885 | 2,391 |
| B.6 | Tacaíochtaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | | 7,500 | 7,500 | 7,500 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | | 12,570 | 11,639 | 12,464 |
| B.8 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 5,767 | 6,282 | 6,967 |
| B.9 | Sábháilteacht Uisce na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,844 | | | |
| | *Forlíontach* | 11 | | | |
| | | | 1,855 | 1,855 | 1,545 |
| B.10 | Forbairt leabharlann agus seirbhís chartlainne | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,731 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,125) | | | |
| | | | 5,606 | 5,166 | 6,312 |
| B.11 | An Clár um Fheabhsú Pobail | | | | |
| | *Bunaidh* | 21,001 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,000 | | | |
| | | | 27,001 | 28,594 | 32,043 |

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | | 52,390 | 52,390 | 52,389 |
| B.13 | Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta ESF | | 2,500 | 2,500 | 1,000 |
| B.14 | Tacaíochtaí don Úcráin - ciste pobail | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 20,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,875) | | | |
| | | | 23,125 | 25,123 | 10,000 |
| | | | **241,599** | **243,204** | **224,382** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

**B.4 An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail**

*Soláthar meastachán €68.367 milliún; toradh €71.865 milliún*

Tharla an méadú €3.498 milliún i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar bunaidh den chuid is mó mar gheall ar an riachtanas le maoiniú caipitil €2 mhilliún le haghaidh oibre chun tacú le beartas maidir le rialú madraí agus rialacháin ar Bhulaithe an-mhóra. Cuireadh an maoiniú sin ar fáil trí choigilteas faoin RRDF trí fhorlíonadh teicniúil.

Ina theannta sin, ceadaíodh €2 mhilliún de mhaoiniú breise neamhphríomha reatha do SICAP trí fhorlíonadh substaintiúil chun tacaíochtaí forbartha pobail a mhaoiniú tríd an Tionscadal Ceangail Pobail.

**B.5 Coistí forbartha pobal áitiúil**

*Soláthar meastacháin €3.405 milliún; toradh €2.885 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €520,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar mhoill ar rolladh amach an Chláir Feasachta pleanáilte do na CFPÁnna agus moilleanna ar chur i bhfeidhm tionscnamh nua a d'eascair as foilsiú na dtuarascálacha Anailíse ar Riachtanais Oiliúna.

**B.7 Bearta cuntais díomhaoine**

*Soláthar meastacháin €12.57 milliún; toradh €11.639 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €931,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar éileamh laghdaithe ar roinnt Spriocbheart um Chuimsiú Sóisialta agus mar nár tharla an caiteachas a bhfuiltear ag súil leis ó bhearta a ceadaíodh i bPleananna Gníomhaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin.

**B.8 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastacháin €5.767 milliún; toradh €6.282 milliún*

Tharla an méadú €515,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar riachtanais reatha bhreise an SEUPB faoin gClár PEACE, cuireadh an acmhainn mhéadaithe ar fáil ó choigilteas a d'eascair as moilleanna le CFPÁnna agus coigilteas caiteachais reatha ar SICAP.

**B.10 An tSeirbhís Forbartha Leabharlainne agus Cartlainne**

*Soláthar meastacháin €7.731 milliún; toradh €5.166 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €2.565 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar mhoill ar mhórthionscadal faoi chlár caipitil na leabharlann. Mar thoradh ar mhoill ar dhul chun cinn na n-oibreacha caipitil ar thionscadail Mo Leabharlann Oscailte, bhí tearc-chaitheamh ag na húdaráis áitiúla. Cuireadh coigilteas €2.125 milliún ar fáil ó fhotheideal na Leabharlainne (B.10) trí fhorlíonadh teicniúil chun éileamh breise a mhaoiniú faoi fhotheideal A.5 LEADER.

**B.11 An Clár um Fheabhsú Pobail**

*Soláthar meastacháin €21.001 milliún; toradh €28.594 milliún*

Ba mar gheall ar an éileamh suntasach a bhí ar Chiste Infheistíochta na nIonad Pobail agus ar scéim na ndeontas beag caipitiúil faoin bhfo-cheannteideal seo a tharla an méadú €7.593 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar meastacháin. Cuireadh maoiniú ar fáil chun freastal ar an éileamh breise trí mheastachán forlíontach teicniúil de €6 mhilliún ó Chiste Aitheantais Pobail B14 agus trí choigilteas caipitil in RRD A6, Leabharlanna B10 agus Na hOileáin A7 mar a moladh cheana.

**B.14 Tacaíochtaí don Úcráin**

*Soláthar meastacháin €30 milliún; toradh €25.123 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €4.877 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar amlínte seachadta dúshlánacha d'údaráis áitiúla, agus ar dhul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis i gcur i gcrích na dtionscadal de bharr, i bpáirt, srianta san earnáil tógála.

Baineadh úsáid as coigilteas faoi fhotheideal B.14, trí fhorlíonadh teicniúil, chun freastal ar éilimh bhreise ar chaiteachas caipitil faoi B.11 do Chiste Infheistíochta na Lárionad Pobail agus faoi A.5 LEADER.

## Clár C An tÚdarás Rialála Carthanas

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 76 | 75 | | 122 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 32 | 14 | | 12 |
| C.3 | An tÚdarás Rialála Carthanas | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,300 | | | | |
| | *Forlíontach* | 33 | | | | |
| | | | 5,333 | 4,999 | | 4,840 |
| C.4 | An Binse Achomhairc Carthanas | | 10 | 26 | | — |
| | | | **5,451** | **5,114** | | **4,974** |

**Athruithe suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

**C.3 An tÚdarás Rialála Carthanas**

*Soláthar meastacháin €5.3 milliún; toradh €4.999 milliún*

Ba mar thoradh ar chostais clár a bhain le pá san Údarás Rialála Carthanas a bheith níos lú ná mar a bhí súil leis, de bharr moill ar earcaíocht, a bhí easnamh €301,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 21,856 | 18,874 | 33,858 |
| 2 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 5,500 | 7,006 | 4,338 |
| 3 | Cuntais dhíomhaoin - caiteachas clár | 12,570 | 11,639 | 12,465 |
| 4 | ESF - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail | 1,708 | 2,400 | — |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 465 | 519 | 470 |
| 6 | Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha | 570 | 814 | 1,005 |
| | | **42,669** | **41,252** | **52,136** |

**Athruithe suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Leader – fochlár an gheilleagair tuaithe**

*Soláthar meastachán €21.856 milliún; toradh €18.874 milliún*

Tá tagairt in Airteagal 34 de Rialachán Uimh. 1306/2013 do dhúnadh chlár LEADER 2014-2022 agus luaitear go gcuirfear aon íocaíocht bhreise ar fionraí a luaithe a shroichfear 95% de mhaoiniú an chláir. Shroich LEADER an pointe sin i rith 2024 agus dá bhrí sin fuair sé níos lú fáltas do R3 agus R4 ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Ní dhéanfar na fáltais sin a bhaint amach ach amháin má dhéanfar athmhuintearas iomlán agus críochnaitheach ar chlár LEADER 2014-2022.

**2 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar meastachán €5.5 milliún; toradh €7.006 milliún*

Cuireadh roinnt tionscadal PEACE i gcrích níos tapa ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar thoradh air sin, bhí leibhéal na bhfáltas SEUPB ón AE níos airde in 2024 ná mar a bhíothas ag súil leis ar dtús.

**3 Cuntais dhíomhaoine – caiteachas clár**

*Soláthar meastachán €12.57 milliún; toradh €11.639 milliún*

Tharla an t-easnamh fáltais €931,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastachán mar gheall ar éileamh laghdaithe ar roinnt spriocbhearta um chuimsiú sóisialta agus mar nach ndearnadh dul chun cinn ar roinnt beart a ceadaíodh i bpleananna gníomhaíochta na gcuntas díomhaoin. Léiríonn na fáltais an caiteachas sa réimse don bhliain.

**4 ESF - An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail**

*Soláthar meastachán €1.708 milliún; toradh €2.400 milliún*

Tharla na fáltais bhreise de €692,000 mar gheall ar réamh-mhaoiniú a fuarthas i rith 2024, nach raibh súil ar bith leis.

**6 Ranníocaíochtaí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €570,000; réadaithe €814,000*

Ba mar thoradh ar roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas i ndáil le deontais a eisíodh i mblianta roimhe sin, agus nach raibh súil ar bith leo a raibh fáltais bhreise €244,000 i gceist sa bhliain 2024. I bhfianaise nádúr na fáltas seo tá sé deacair iad a mheas.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 16 | 16 |
| Tuarastail Aire a géilleadh ar bhonn deonach | 16 | 16 |
| Aisíocaíocht ó Phobal i leith na Scéime Tacaíochta Fuinnimh | — | 8,085 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (16) | (8,101) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **16** | **16** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéis lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Roinn | 210 | 200 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 87 | 82 |
| | **297** | **282** |

Nóta [a] Comhdhéanta den fhoireann sna gníomhaireachtaí seo a leanas: Rialálaí Carthanas, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Sábháilteacht Uisce Éireann.

### 5.2 Pá

**Luach Saothair fhoireann na Roinne**

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 12,460 | 11,128 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | 105 |
| Ragobair | 1 | 19 |
| PRSI Fostóra | 1,023 | 898 |
| **Pá iomlán** | **13,560** | **12,150** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1 agus C.1.

**Luach Saothair foirne gníomhaireachta**

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 5,176 | 4,718 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 25 | 45 |
| Ragobair | — | — |
| PRSI Fostóra | 518 | 481 |
| **Pá iomlán** | **5,719** | **5,244** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.3, B.9 agus C.3.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 13 | 3 | 24,551 | 31,807 |
| Ragobair | 4 | — | 421 | 17,993 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | 1 | 11,597 | 20,840 |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 3 | 1 | 17,421 | 9,436 |

### 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 112 | 116 |
| 60,000 | 69,999 | 28 | 26 |
| 70,000 | 79,999 | 14 | 14 |
| 80,000 | 89,999 | 8 | 16 |
| 90,000 | 99,999 | 15 | 9 |
| 100,000 | 109,999 | 4 | 6 |
| 110,000 | 119,999 | 4 | 6 |
| 120,000 | 129,999 | 4 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 2 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | 1 |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Mary Hurley | 225 | 215 |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall de scéim pinsin na Státseirbhíse roimh 95 agus ní shíneann a theidlíochtaí ar shochair scoir níos faide ná téarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## 5.6 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh beirt státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €7,455. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.7 Ró-íocaíochtaí párolla [a]

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 23 | 20,554 | 19,857 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 3,655 | 8,534 |

Nóta [a] Chomh maith leis an bplean téarnaimh amháin atá i bhfeidhm, dúnadh seacht ró-íocaíocht in 2024, agus an líon eile ar siúl/le dul chun cinn le linn 2025.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 15,055 | 13,746 | 12,999 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/ réigiúnaí (páirtmhaoinithe ag gCrannchur Náisiúnta) | 3,006 | 3,045 | 2,734 |
| | | **18,061** | **16,791** | **15,733** |

Is iad na scéimeanna atá maoinithe i bpáirt ag maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta laistigh de cheannteideal B.3 ná Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha, an Scéim chun Tacú le hEagraíochtaí Náisiúnta agus an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta. Ba é an toradh iomlán dóibh sin don bhliain 2024 ná €7.242 milliún, €3.611 milliún agus €5.593 milliún faoi seach.

Tá an Scéim um Fholáireamh do Dhaoine Scothaosta arna maoiniú i bpáirt ag Ciste na gCuntas Díomhaoin, mar gheall ar an leibhéal éilimh atá ann don scéim, agus áirítear sa toradh do na blianta 2023 agus 2024 araon €3 mhilliún agus €2.7m faoi seach trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus tá an farasbarr (i.e. €911,000 in 2024) arna mhaoiniú i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta.

Úsáidtear na deontais atá maoinithe i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta laistigh d'fho-mhírcheann B.4 le haghaidh obair nó tionscadail atá lasmuigh de Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail na Roinne ach laistigh den éiteas, agus dírítear ar eagraíochtaí a chuireann tacaíochtaí ar fáil do dóibhsean atá faoi mhíbhuntáiste.

### 6.2 Maoiniú AE

Caiteachas faoi fho-mhírchinn A.5 Leader - tá an fochlár eacnamaíochta tuaithe, tacaíochtaí forbartha áitiúil/réigiúnaí B.4 SICAP (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta), an Clár B.8 um Shíocháin agus Athmhuintearas agus B.13 Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta ESF cómhaoinithe ag an AE.

## 6.3 Íocaíochtaí chuig Pobal

Déanann Pobal roinnt clár deontais a riar nó tacaíonn sé leo thar ceann na Roinne. D'aistrigh an Roinn méideanna ar fiú €102.953 milliún san iomlán iad in 2024 chun tacú leis na tionscadail mar atá leagtha amach thíos.

| | | 2024<br>Réadaithe<br>€000 | 2023<br>Réadaithe<br>€000 |
|---|---|---|---|
| A.4 | Tacaíochtaí tuaithe | 2,630 | 1,648 |
| A.5 | Leader - fochlár eacnamaíochta tuaithe | 2,622 | 2,248 |
| A.7 | Na hOileáin | 65 | — |
| B.3 | Tacaíochtaí don earnáil pobail agus dheonach (arna pháirtmhaoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 10,849 | 10,233 |
| B.4 | SICAP, tacaíochtaí forbartha áitiúil/ réigiúnaí (arna pháirtmhaoiniú ag am gCrannchur Náisiúnta) | 3,178 | 2,596 |
| B.6 | Tacaíochtaí do phobail atá faoi mhíbhuntáiste | 1,395 | 1,349 |
| B.7 | Bearta na gcuntas díomhaoin | 4,761 | 4,469 |
| B.11 | Clár feabhsúcháin an Phobail | 22,563 | 26,035 |
| B.12 | An Clár um Sheirbhísí Pobail | 52,390 | 52,390 |
| B.13 | ESF- Tacaíochtaí nuálaíochta sóisialta | 2,500 | 1,000 |
| | | **102,953** | **101,968** |

Nóta [a] D'aithin Pobal €25.347 milliún san iomlán atá fós gan caitheamh i ndáil le híocaíochtaí 2024 ón Roinn (€13.93 milliún in 2023 agus €22.843 milliún in 2022). Ag teacht le himlitir 13/2014, glactar iarmhéideanna dá leithéidí sin san áireamh agus íocaíochtaí ina ndiaidh sin á ndéanamh chuig Pobal. Ní áirítear sna méideanna sin íocaíochtaí maidir le costais riaracháin Pobal a bhaineann le seirbhísí a chuirtear ar fáil thar ceann na Roinne.

## 6.4 Díscríobh

| Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh i rith na bliana | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Clár Leader | — | 116 |
| An Clár um Sheirbhísí Pobail | — | 22 |
| | — | **138** |

## 6.5 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | **Iomlán 2024** | **Iomlán 2023** |
|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 1 | 1 |
| | **€000** | **€000** |
| Costais dlí féin na Roinne | — | 11 |
| Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne/na hOifige | | |
| Cúiteamh | — | 43 |
| Costais dlí | 88 | 10 |
| **Iomlán** | **88** | **64** |

## 6.6 Calaois agus calaois amhrasta

| ag an 31 Nollaig | **Líon na gcásanna** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| Calaois amhrasta | 1 | 18 | -- |